BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Seachtú Dlísheomra)

23 Eanáir 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí – Treoir 2008/48/CE – Ceanglais a bhaineann le faisnéis atá le háireamh i gcomhaontú creidmheasa den sórt sin – Oibleagáid chun faisnéis a sholáthar – Fad an chonartha – Ráta céatadánach bliantúil (APRC) – Toimhdí a úsáidtear chun APRC a ríomh)

I gCás C-677/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ó Krajský súd v Prešove (Cúirt Réigiúnach, Prešov, an tSlóvaic), trí bhreith an 12 Deireadh Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 14 Samhain 2023, sna himeachtaí

A. B.,

F. B.

v

Slovenská sporiteľňa a.s.,

tugann AN CHÚIRT (an Seachtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen, Uachtarán an Chéad Dlísheomra, ag gníomhú dó mar Uachtarán an Seachtú Dlísheomra, M. L. Arastey Sahún (Rapóirtéir), Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra agus J. Passer, Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: A. M. Collins,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– A. B agus F. B., ag I. Šafranko, advokát,

– Slovenská sporiteľňa, a.s., ag M. Dubovský, advokát,

– Rialtas na Slóvaice, ag E. V. Larišová, i gcáil Gníomhaire,

* Teanga an cháis: an tSlóvaicis.

– an Coimisiún Eorpach, ag P. Ondrůšek agus A. Tokár, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoracha 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha') (IO 2005 L 149, lch. 22), agus le Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO 2008 L 133, lch. 66, agus leasuithe IO 2009 L 207, lch. 14, IO 2010 L 199, lch. 40, agus IO 2011 L 234, lch. 46), arna leasú le Treoir 2011/90/AE ón gCoimisiún an 14 Samhain 2011 (IO 2011 L 296, lch. 35) ('Treoir 2008/48').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir A.B. agus F.B., dhá thomhaltóir, agus banc, Slovenská sporitele ňa a.s., maidir le hiarratas ar dhearbhú go bhfuil téarmaí áirithe de chomhaontú creidmheasa ar neamhní ('an comhaontú atá i gceist sna príomhimeachtaí') agus maidir le dearbhú go bhfuil an creidmheas lena mbaineann saor ó ús agus saor ó mhuirear.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2005/29

3 Foráiltear le hAirteagal 3(1) de Threoir 2005/29, dar teideal 'Raon feidhme':

'Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, mar a leagtar síos in Airteagal 5, roimh, le linn agus tar éis idirbheart tráchtála maidir le táirge.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2008/48

4 Luaitear in aithris 31 de Threoir 2008/48:

'Chun go mbeidh an tomhaltóir in ann a chearta agus a oibleagáidí faoin gcomhaontú creidmheasa a bheith ar eolas aige, ba cheart an fhaisnéis uile is gá a bheith ann ar bhealach soiléir agus gonta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 5(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Faisnéis réamhchonarthach’:

‘In am trátha sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag aon chomhaontú creidmheasa nó tairiscint, déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa, ar bhonn na dtéarmaí agus na gcoinníollacha creidmheasa a thairgeann an creidiúnaí agus, más infheidhme, na roghanna a shloinntear agus an fhaisnéis a sholáthraíonn an tomhaltóir, an fhaisnéis is gá a sholáthar don tomhaltóir chun tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile chun cinneadh a bhfuil bonn eolais mhaith faoi a dhéanamh maidir le comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích. […]

Bainfidh an fhaisnéis sin leis an méid seo a leanas:

[…]

(g) ráta céatadánach bliantúil [(APRC)] an mhuirir agus an méid iomlán is iníoctha ag an tomhaltóir, a léirítear trí shampla ionadaíoch ina luaitear na toimhdí uile a úsáideadh chun an ráta sin a ríomh; i gcás ina mbeidh an creidiúnaí curtha ar an eolas ag an tomhaltóir faoi chomhpháirt amháin nó níos mó dá chreidmheas tosaíochta, amhail fad an chomhaontaithe creidmheasa agus an méid iomlán creidmheasa, cuirfidh an creidiúnaí na comhpháirteanna sin san áireamh; má sholáthraítear le comhaontú creidmheasa bealaí tarraingthe anuas éagsúla le muirir nó rátaí iasachta éagsúla agus má úsáideann an creidiúnaí an toimhde a leagtar amach i bpointe (b) de Chuid II d’Iarscríbhinn I, léireoidh sé go bhféadfaidh rátaí céatadánacha bliantúla muirir atá níos airde a bheith mar thoradh ar shásraí tarraingthe anuas eile maidir leis an gcineál sin comhaontaithe creidmheasa;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 6 den Treoir sin, dar teideal ‘Ceanglais faisnéise réamhchonarthaí le haghaidh comhaontuithe creidmheasa áirithe i bhfoirm saoráid rótharraingte agus le haghaidh comhaontuithe creidmheasa sonracha áirithe’:

‘(1) In am trátha sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag aon chomhaontú creidmheasa nó tairiscint a bhaineann le comhaontú creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 2(3), (5) nó (6), déanfaidh an creidiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an t-idirghabhálaí creidmheasa, ar bhonn na dtéarmaí agus na gcoinníollacha creidmheasa a thairgeann an creidiúnaí agus, más infheidhme, na roghanna a chuireann an tomhaltóir in iúl agus an fhaisnéis a sholáthraíonn an tomhaltóir, an fhaisnéis is gá a sholáthar don tomhaltóir chun tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile chun cinneadh a bhfuil bonn eolais mhaith faoi a dhéanamh maidir le comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích.

Bainfidh an fhaisnéis sin leis an méid seo a leanas:

[…]

(f) [APRC] an mhuirir, a léirítear le samplaí ionadaíocha ina luaitear na toimhdí uile a úsáideadh chun an ráta sin a ríomh;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Is é seo a leanas atá in Airteagal 10 den Treoir sin, dar teideal ‘Faisnéis atá le cur san áireamh i gcomhaontuithe creidmheasa’:

‘(1) Déanfar comhaontuithe creidmheasa a tharraingt suas ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile.

Gheobhaidh na páirtithe conarthacha uile cóip den chomhaontú creidmheasa. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d’aon rialacha náisiúnta maidir le bailíocht comhaontuithe creidmheasa a thabhairt i gcrích atá i gcomhréir le dlí an Chomhphobail.

(2) Sonrófar an méid seo a leanas sa chomhaontú creidmheasa ar bhealach soiléir agus gonta:

[...]

(c) fad an chomhaontaithe creidmheasa;

[...]

(g) [APRC] an mhuirir agus an méid iomlán is iníoctha ag an tomhaltóir, a ríomhtar tráth a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích agus léiriú ar na toimhdí uile a úsáidtear sa ríomh sin;

(h) méid, líon agus minicíocht na n-íocaíochtaí atá le déanamh ag an tomhaltóir agus, i gcás inarb iomchuí, an t-ord ina ndéanfar íocaíochtaí a leithdháileadh ar iarmhéideanna éagsúla gan íoc a mhuirearaítear ar rátaí iasachta éagsúla chun críoch aisíocaíochta;

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 14 de Threoir 2008/48, dar teideal ‘An ceart chun tarraingt siar’:

‘Beidh tréimhse 14 lá féilire ag an tomhaltóir chun tarraingt siar as an gcomhaontú creidmheasa gan aon chúis a thabhairt.

Tosóidh an tréimhse tarraingt siar sin

(a) an lá a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích, nó

(b) an lá a fhaigheann an tomhaltóir na téarmaí agus na coinníollacha conarthacha agus an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 10, más déanaí an dáta sin ná an dáta dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 De réir Airteagal 19 den Treoir sin, dar teideal ‘[APRC] a ríomh’:

‘ [...]

(3) Déanfar [APRC] an mhuirir a ríomh bunaithe ar an toimhde go leanfaidh an comhaontú creidmheasa de bheith bailí ar feadh na tréimhse a comhaontaíodh agus go ndéanfaidh an creidiúnaí agus an tomhaltóir a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi na téarmaí agus faoi na dátaí a shonraítear sa chomhaontú creidmheasa.

(4) I gcás comhaontuithe creidmheasa ina bhfuil clásail lena gceadaítear athruithe sa ráta iasachta agus, i gcás inarb infheidhme, sna muirir atá i [APRC] an mhuirir ach nach féidir a chainníochtú tráth an ríomha, déanfar [APRC] an mhuirir a ríomh ar an toimhde go leanfaidh an ráta iasachta agus muirir eile de bheith seasta i ndáil leis an leibhéal tosaigh agus go leanfaidh siad de bheith infheidhme go dtí deireadh an chomhaontaithe creidmheasa.

(5) Más gá, féadfar na toimhdí breise a leagtar amach in Iarscríbhinn I a úsáid chun [APRC] na táille a ríomh.

Mura leor na toimhdí a leagtar amach san Airteagal seo agus i gCuid II d'Iarscríbhinn I chun [APRC] na táille a ríomh go haonfhoirmeach, nó mura ndéantar iad a oiriúnú a thuilleadh do chásanna tráchtála sa mhargadh, tugtar de chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear an tAirteagal seo agus Cuid II d'Iarscríbhinn I chun toimhdí breise a chur isteach chun [APRC] na táille a ríomh nó chun na toimhdí atá ann cheann a mhodhnú. [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le hAirteagal 22(1) den Treoir sin, dar teideal 'Comhchuibhiú agus cineál dianriachtanach na Treorach seo':

'A mhéid atá forálacha comhchuibhithe sa Treoir seo, ní fhéadfaidh na Ballstáit forálacha nach bhfuil i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa Treoir seo a choinneáil ar bun ná a thabhairt isteach ina ndlí náisiúnta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear le hAirteagal 23 den Treoir sin, dar teideal 'Pionóis', don mhéid seo a leanas:

'Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar na forálacha náisiúnta a ghlactar de bhun na Treorach seo a leagan síos agus déanfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/48, i gCuid II (a) go (j), na toimhdí breise chun APRC a ríomh.

Dlí na Slóvaice

13 Le zákon č. 129/2010 Z. z. o spotrebiteľských úveroch a o iných úveroch a pôžičkách pre spotrebiteľov a o zmene a doplnení niektorých zákonov (Dlí Uimh. 129/2010 maidir le creidmheas tomhaltóirí agus cineálacha eile creidmheasa agus iasachtaí do thomhaltóirí, lena

leasaítear dlíthe áirithe eile), an 9 Márta 2010 (Uimh. 129/2010 Z. z), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí ('Dlí Uimh. 129/2010'), déantar Treoir 2008/48 a thrasuí i ndlí na Slóvaice.

14 De réir § 9 de Dhlí Uimh. 129/2010:

'(1) Ní mór comhaontú creidmheasa tomhaltóra a tharraingt suas i scríbhinn. Gheobhaidh gach páirtí sa chomhaontú cóip amháin ar a laghad i bhfoirm dhoiciméadach nó ar mheán marthanach eile a mbeidh rochtain ag an tomhaltóir air.

(2) Ní mór an méid seo a leanas a lua i gcomhaontú creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí, sa bhreis ar na ceanglais ghinearálta a leagtar amach sa Občiansky zákonník (an Cód Sibhialta):

[...]

(f) fad an chomhaontaithe creidmheasa tomhaltóra agus dáta na haisíocaíochta deiridh den chreidmheas tomhaltóra,

(g) méid iomlán agus airgeadra sonrach an chreidmheasa tomhaltóra agus na coinníollacha lena rialaítear tarraingt anuas creidmheasa,

[...]

(i) an ráta iasachta, na coinníollacha lena rialaítear a chur i bhfeidhm, an t-innéacs nó an ráta tagartha a bhfuil an ráta iasachta nasctha leis, agus freisin na tréimhsí ina n-athraítear an ráta iasachta, agus na coinníollacha le haghaidh an athraithe agus an bealach ina dtarlóidh sé; má tá feidhm ag rátaí iasachta éagsúla in imthosca éagsúla, soláthrófar an fhaisnéis thuasluaite i leith na rátaí iasachta éagsúla uile is infheidhme,

(j) [APRC] an mhuirir agus an méid iomlán is iníoctha ag an tomhaltóir, a ríomhtar tráth a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích; luafar na toimhdí uile a úsáidfear chun an ráta sin a ríomh;

(k) méid, líon agus minicíocht na n-aisíocaíochtaí atá le déanamh ag an tomhaltóir agus, i gcás inarb iomchuí, an t-ord ina ndéanfar íocaíochtaí a leithdháileadh ar iarmhéideanna éagsúla gan íoc a mhuirearaítear ar rátaí iasachta éagsúla chun críoch aisíocaíochta;

[...]

(m) ráiteas achomair ina léirítear na tréimhsí agus na coinníollacha chun an tús a íoc agus aon mhuirir athfhillteacha nó neamh-athfhillteacha ghaolmhara, i gcás ina mbeidh na muirir agus an tús le híoc gan amúchadh caipitil,

(n) i gcás inarb infheidhme, na muirir i leith cuntas éigeantach amháin nó níos mó a choinneáil ar bun ina ndéantar idirbhearta íocaíochta agus tarraingtí anuas araon a thaifeadadh, na muirir i leith modh íocaíochta a úsáid le haghaidh idirbhearta íocaíochta agus tarraingtí anuas araon, aon mhuirear eile a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa, agus na coinníollacha faoina bhféadfar na muirir sin a athrú;

[...]

(r) méid na muirear a rugadh don tomhaltóir as gníomhartha nótaireachta, a mhéid atá siad ar eolas ag an gcreidiúnaí

[...]'

15 Foráiltear le § 11(1) de Dhlí Uimh. 129/2010:

'Measfar creidmheas tomhaltóra arna dheonú a bheith saor ó ús agus saor ó mhuirear sna cásanna seo a leanas:

[...]

(b) níl an fhaisnéis dá dtagraítear i Mír 9(2)(a) go (k), (r) agus (y) sa chomhaontú creidmheasa tomhaltóra.'

16 Foráiltear le § 122 den Chód Sibhialta nach mór teorainneacha ama a chur in iúl, *inter alia*, i míonna agus i mblianta.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

17 An 29 Deireadh Fómhair 2014, chuir A.B. agus F.B. an comhaontú atá i gceist sna príomhimeachtaí i gcrích le Slovenská sporitele ňa, ar cuireadh a chaipiteal chun sochair dóibh i gcuntas bainc an lá céanna. Tugadh an comhaontú atá i gceist sna príomhimeachtaí i gcrích ar feadh tréimhse shocraithe, agus d'aontaigh na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí an creidmheas lena mbaineann a aisíoc i 108 íocaíocht míosúil de EUR 54.20. Bhí gach íocaíocht míosúil le híoc ar an bhfichiú lá den mhí. Bhí an chéad íocaíocht míosúil le híoc faoin 20 Nollaig 2014 agus comhaontaíodh go n-íocfaí an íocaíocht míosúil dheireanach an 20 Samhain 2023.

18 Foráladh leis an gcomhaontú atá i gceist sna príomhimeachtaí do APRC 17.93 % agus go mbeadh méid iomlán de EUR 5 858.98 le haisíoc. Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht sa roinn den chomhaontú sin, dar teideal 'Toimhdí a úsáidtear chun APRC a ríomh': 'Deonaíodh an creidmheas láithreach, ina iomláine; comhlíonfaidh an t-iasachtaí a oibleagáidí faoi na téarmaí agus na coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach sa chomhaontú creidmheasa; beidh feidhm ag an ráta úis go dtí deireadh an chaidrimh chreidmheasa.' Sonraítear an méid seo a leanas i mír 12 de Chuid III den chonradh sin: 'Tabharfar an comhaontú i gcrích ar feadh [...] tréimhse shocraithe go dtí go ndéanfar socraíocht iomlán ar na caidrimh uile a thagann chun cinn i ndáil leis an gcreidmheas a deonaíodh.'

19 Bhí na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí den tuairim go raibh an fhoráil dheireanach sin 'doiléir' agus gur tháinig sí in ionad na sonraíochta éigeantaí maidir le fad an chomhaontaithe creidmheasa. Ina theannta sin, chuir siad in iúl nach raibh aon sonraíocht sa chomhaontú atá i gceist sna príomhimeachtaí maidir lena fhad ná maidir leis na toimhdí a úsáideadh chun APRC a ríomh.

20 Ós rud é gur sháraigh an comhaontú atá i gceist sna príomhimeachtaí a gcearta mar thomhaltóirí, thug na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí caingean os comhair Okresný súd Prešov (Cúirt Dúiche Prešov, an tSlóvaic) ag iarraidh dearbhú go raibh téarmaí an chomhaontaithe sin ar neamhní agus go ndéanfar dearbhú go raibh an creidmheas saor ó ús agus saor ó mhuirear.

21 Agus achomharc a rinne na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí i gcoinne bhreithiúnas na cúirte sin faoi bhráid Krajský súd v Prešove (an Chúirt Réigiúnach, Prešov, an tSlóvaic), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, measann an chúirt deiridh sin nach gá go bhfreagraíonn dátaí na chéad íocaíochta creidmheasa agus na híocaíochta creidmheasa deiridh d'fhad iarbhír comhaontaithe. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, bheadh 'fadhbanna móra' ag baint leis an t-am beacht chun an creidmheas a sholáthar, a fhad agus an dáta a comhlíonadh na hoibleagáidí uile faoin gcomhaontú creidmheasa ina n-iomláine a shocrú.

22 Mar sin féin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, ceanglaítear le forálacha Threoir 2008/48 agus, go háirithe, le hAirteagal 10(2) di go sonrófar fad an chomhaontaithe creidmheasa sa chomhaontú sin, nach leor ach an fhéidearthacht don tomhaltóir an tréimhse sin a ríomh agus na haisíocaíochtaí creidmheasa á gcur san áireamh i ndáil leis sin.

23 Thairis sin, ós rud é go bhforáiltear le § 122 den Chód Sibhialta nach mór na tréimhsí a shonrú, go háirithe, i míonna agus i mblianta, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an cinneadh maidir le fad an chomhaontaithe atá i gceist sna príomhimeachtaí sainráite agus, dá bhrí sin, go gcomhlíontar leis ceanglas na soiléireachta agus an chinnte a leagtar síos le Treoir 2008/48.

24 Maidir le Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29) agus Treoir 2005/29, agus d'ainneoin nár tharchuir an chúirt a rinne an tarchur ceist maidir le léiriú ar an dTreoir sin, measann an chúirt sin, ar an gcéad dul síos, gur gá Treoir 93/13 a chur san áireamh chun an ceanglas maidir le beachtas téarmaí conarthacha a léiriú, i gcomhréir le Treoir 2008/48, agus, ar an dara dul síos, measann sí go bhfuil nasc idir an cheist an bhfuil na toimhdí a úsáidtear chun APRC a ríomh agus an scrúdú ar chleachtas tráchtála míthreorach a d'fhéadfadh a bheith ann. I ndáil leis sin, ardaítear an cheist an gcomhfhreagraíonn an tréimhse tar éis dheireadh sholáthar na seirbhíse creidmheasa, a d'fhéadfadh dul thar fhad an chomhaontaithe atá i gceist sna príomhimeachtaí, don tréimhse tar éis an idirbhirt tráchtála lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 2005/29.

25 Ina theannta sin, ardaíonn an chúirt a rinne an tarchur an cheist maidir leis an bhfáth a gceanglaítear le Treoir 2008/48 ní hamháin go luafar APRC sa chomhaontú creidmheasa, ach freisin go n-áireofar na toimhdí uile a úsáidtear chun an ráta sin a ríomh sa chomhaontú sin, ós rud é gur gnéithe éigeantacha den chomhaontú sin iad na toimhdí uile is gá chun an ríomh sin a dhéanamh agus nach mór iad a áireamh go sonrach sa chomhaontú.

26 Measann an chúirt sin go bhfuil údar leis an gceanglas, a leagtar síos sa Treoir sin, na toimhdí a úsáidtear chun APRC a ríomh a leagan amach sa chomhaontú creidmheasa toisc nach féidir a mheas go bhfuil gnáth-thomhaltóir in ann na toimhdí sin go léir a shainaithint.

27 Sna himthosca sin, chinn Krajský súd v Prešove (Cúirt Réigiúnach, Prešov) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'(1) An gá Airteagal 10(2)(c) de [Threoir 2008/48] a léiriú sa chaoi, maidir le sonraíocht fad an chomhaontaithe creidmheasa ar bhealach soiléir agus gonta sna téarmaí conarthacha:

– go n-éilítear leis nach mór fad an chomhaontaithe creidmheasa a shonrú go sonrach, trí dháta críche agus éaga an chomhaontaithe a lua mar shampla (ó… go…) nó, mar mhalairt air sin, trí úsáid a bhaint as aonaid ama féilire amhail, mar shampla, míonna nó blianta (e.g. ar feadh tréimhse bliana), nó

– an leor má dhéantar é sa chaoi go n-áireoidh an tomhaltóir fad an chomhaontaithe nó é a fháil amach ar shlí eile ar bhonn na dtéarmaí conarthacha, ar bhonn líon na haisíocaíochtaí míosúla mar shampla nó ag an am a aisíoctar an creidmheas ina iomláine?

(2) An gá Airteagal 10(2)(c) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi go gcomhfhreagraíonn an tsonraíocht i gcomhaontú creidmheasa fad an chomhaontuithe sin do thréimhse a shainmhínítear mar 'le linn… idirbheart tráchtála' de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir [2005/29]?

(3) An gá Airteagal 10(2)(g) de [Theoir 2008/48], sna hailt lena luaitear 'ar bhealach soiléir agus gonta' agus 'na toimhdí uile a úsáideadh chun an ráta sin a ríomh', a léiriú sa chaoi:

– nach mór na toimhdí a úsáideadh chun an ráta céatadánach bliantúil [APRC] a ríomh a shainaithint go sainráite sa chomhaontú mar na toimhdí a úsáideadh chun APRC a ríomh, nó

– nach mór don tomhaltóir féin na toimhdí ábhartha a úsáideadh chun APRC a ríomh ar bhonn na dtéarmaí conarthacha a fháil amach?'

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

28 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 10(2)(c) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi nach mór tréimhse an chomhaontaithe sin a shonrú go sainráite i gcomhaontú creidmheasa nó an leor é, i bhfianaise na forála sin, go gcuireann téarmaí an chomhaontaithe sin ar chumas an tomhaltóra an tréimhse sin a chinneadh gan deacracht agus go cinnte.

29 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, faoin bhforáil sin, go sonrófar sa chomhaontú creidmheasa, ar bhealach soiléir agus gonta, fad an chomhaontaithe creidmheasa.

30 Is léir ó Airteagal 10(2) de Threoir 2008/48, arna léamh i bhfianaise aithris 31 de, go bhfuil gá leis an gceanglas an fhaisnéis dá dtagraítear san fhoráil sin a lua i gcomhaontú creidmheasa arna tharraingt suas ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile ar bhealach soiléir agus gonta chun go mbeidh an tomhaltóir in ann a chearta agus a oibleagáidí a fhionnadh (breithiúnais an 9 Samhain 2016, *Home Credit Slovakia*, C-42/15, EU:C:2016:842, mír 31, an 9 Meán Fómhair 2021, *Volkswagen Bank agus páirtithe eile*, C-33/20, C-155/20 agus C-187/20, EU:C:2021:736, mír 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Tá gá le heolas agus tuiscint an tomhaltóra ar na heilimintí nach mór a bheith i gcomhaontú creidmheasa, i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Threoir 2008/48, chun an comhaontú sin a chomhlíonadh go cuí (breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *Volkswagen Bank agus páirtithe eile*, C-33/20, C-155/20 agus C-187/20, EU:C:2021:736, mír 71 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Rannchuidíonn an ceanglas sin leis an gcuspóir a shaothraítear le Treoir 2008/48 a bhaint amach, arb é atá ann, foráil a dhéanamh, i ndáil le creidmheas tomhaltóirí, do chomhchuibhiú iomlán agus éigeantach i roinnt príomhréimsí, a mheastar a bheith riachtanach chun leibhéal ard coibhéiseach cosanta dá leasanna a áirithiú do gach tomhaltóir san Aontas agus chun teacht

chun cinn margaidh inmheánaigh dhea-fheidhmiúil i gcreidmheas tomhaltóirí a éascú (breithiúnais an 9 Samhain 2016, *Home Credit Slovakia*, C-42/15, EU:C:2016:842, mír 32, agus an 9 Meán Fómhair 2021, *Volkswagen Bank agus páirtithe eile*, C-33/20, C-155/20 agus C-187/20, EU:C:2021:736, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Thug an Chúirt Bhreithiúnais rialú níos sonraí freisin ar raon feidhme an cheanglais sin maidir le méid, líon agus minicíocht na n-íocaíochtaí atá le déanamh ag an tomhaltóir a shonrú, i gcomhaontú creidmheasa, i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(h) den Treoir sin.

34 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais gurb é cuspóir na forála deiridh sin a áirithiú gurb eol don tomhaltóir an dáta a bheidh gach íocaíocht atá le déanamh dlite. Dá réir sin, i gcás ina gceadaítear don tomhaltóir le téarmaí an chomhaontaithe dátaí na n-íocaíochtaí sin a fháil amach gan deacracht agus go cinnte, baintear amach an cuspóir sin (breithiúnas an 9 Samhain 2016, *Home Credit Slovakia*, C-42/15, EU:C:2016:842, míreanna 48 agus 49).

35 Ar bhonn an méid sin, tháinig an Chúirt Bhreithiúnais ar an gconclúid nach mór Airteagal 10(2)(h) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi nach gá go léireofaí le comhaontú creidmheasa an dáta sonrach ar a mbeidh gach íocaíocht atá le déanamh ag an tomhaltóir dlite, ar choinníoll go gceadaítear le téarmaí an chomhaontaithe don tomhaltóir dátaí na n-íocaíochtaí sin a fhionnadh gan deacracht agus go cinnte (breithiúnas an 9 Samhain 2016, *Home Credit Slovakia*, C-42/15, EU:C:2016:842, mír 50).

36 Ní mór an réasúnaíocht a leanadh sa bhreithiúnas sin chun Airteagal 10(2)(c) de Threoir 2008/48 a léiriú a chur i bhfeidhm sa chás seo.

37 Mar is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 30 agus 31 den bhreithiúnas seo, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an tomhaltóir ar an eolas faoin tráth a thiocfaidh deireadh leis an gcomhaontú chun a chearta agus a oibleagáidí a fheidhmiú agus chun an comhaontú sin a chomhlíonadh go cuí.

38 Ina theannta sin, mar a chinn an Chúirt, is ionann comhlíonadh conartha agus sásra nádúrtha chun oibleagáidí conarthacha a mhúchadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *BMW Bank agus páirtithe eile*, C-38/21, C-47/21 agus C-232/21, EU:C:2023:1014, mír 279).

39 Nuair a mhúchtar oibleagáidí conarthacha, cuirtear deireadh leis an gconradh agus cinntear fad an chonartha dá réir.

40 Chinn an Chúirt, i gcás lán-chomhlíonadh an chomhaontaithe creidmheasa, níl an oibleagáid an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 10(2) de Threoir 2008/48 a sholáthar in ann a thuilleadh, i bprionsabal, an cuspóir a shaothraítear leis an bhforáil sin a bhaint amach, cur ar chumas an tomhaltóra an fhaisnéis uile is gá a fháil chun an conradh a chomhlíonadh i gceart agus, go háirithe, chun a chearta a fheidhmiú, lena n-áirítear a cheart tarraingt siar, ionas go mbeidh sé in ann méid a cheart agus a oibleagáidí a fháil. Dá bhrí sin, níl an leibhéal céanna úsáide ag na hoibleagáidí sin a thuilleadh a luaithe a bheidh an comhaontú comhlíonta ina iomláine (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *BMW Bank agus páirtithe eile*, C-38/21, C-47/21 agus C-232/21, EU:C:2023:1014, mír 277)

41 Sa chás seo, ní shonraítear go sainráite sa chomhaontú atá i gceist sna príomhimeachtaí a fhad, ach léirítear ann líon na n-aisíocaíochtaí míosúla atá le híoc ag na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí agus dáta dlite na chéad aisíocaíochta míosúla agus na haisíocaíochta míosúla deiridh sin.

42 I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 37 go 40 den bhreithiúnas seo, ní mór a mheas go bhfuil dlúthbhaint ag fad comhaontaithe creidmheasa amhail an comhaontú atá i gceist sna príomhimeachtaí le comhlíonadh iomlán oibleagáidí gach ceann de na páirtithe sa chomhaontú sin agus, dá bhrí sin, go bunúsach, le heisíocaíocht an chaipitil ag an gcreidiúnaí agus le haisíoc iomlán an chreidmheasa ag an iasachtaí.

43 Dá bhrí sin, ní gá fad an chomhaontaithe creidmheasa a léiriú, i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(c) de Threoir 2008/48, trí bhíthin léiriú foirmiúil ar an dáta beacht ar a dtosaíonn agus ar a gcríochnaíonn an comhaontú sin, ar choinníoll go gcuireann a théarmaí ar chumas an tomhaltóra an fad sin a chinneadh gan deacracht agus go cinnte.

44 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé téarmaí uile an chomhaontaithe atá i gceist sna príomhimeachtaí a chur san áireamh, go háirithe na téarmaí sin lena sonraítear líon na n-aisíocaíochtaí míosúla atá le híoc agus dáta dlite na chéad aisíocaíochta agus na haisíocaíochta míosúla deiridh dá bhforáiltear chun an iasacht a aisíoc agus aon téarmaí eile lena bhforáiltear d'oibleagáidí na bpáirtithe, chun a fháil amach an gcuireann na téarmaí sin go léir ar chumas an tomhaltóra, sa chás seo, a chinneadh gan deacracht agus go cinnte fad an chomhaontaithe sin.

45 I bhfianaise a bhfuil thuas, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 10(2)(c) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi nach gá do chomhaontú creidmheasa fad an chomhaontaithe sin a shonrú go sainráite, ar choinníoll go gcuireann téarmaí an chomhaontaithe sin ar chumas an tomhaltóra an fad sin a chinneadh gan deacracht agus go cinnte.

An dara ceist

46 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 10(2)(c) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi go gcomhfhreagraíonn an tsonraíocht i gcomhaontú creidmheasa fad an chomhaontuithe sin do thréimhse a shainmhínítear mar 'le linn' an idirbhirt tráchtála lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 2005/29.

47 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, faoin bhforáil dheireanach sin, go bhfuil feidhm ag Treoir 2005/29 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, mar a leagtar síos in Airteagal 5 di, 'roimh, le linn agus tar éis idirbheart tráchtála maidir le táirge' [Aistriúchán neamhoifigiúil].

48 Ba cheart a lua freisin gur chuir an Chúirt Bhreithiúnais forálacha Threoir 2005/29 san áireamh cheana féin agus léiriú a dhéanamh aici ar Threoir 2008/48 (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meitheamh 2021, *Ultimo Portfolio Investment (Luxembourg)*, C-303/20, EU:C:2021:479, míreanna 42 go 45).

49 Sa chás seo, áfach, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-iarrann na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, trína gcaingean, ar an gcéad dul síos, dearbhú go bhfuil téarmaí an chomhaontaithe atá i gceist sna príomhimeachtaí ar neamhní mar gheall ar shárú ar fhorálacha Threoir 2008/48 agus ar an reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin agus, ar an dara dul síos, dearbhú go bhfuil an creidmheas lena mbaineann saor ó ús agus saor ó mhuirear.

50 An léiriú, i gcomhaontú creidmheasa, go dtagann fad an chomhaontaithe sin laistigh den tréimhse 'le linn' nach bhfuil aon tionchar ag an idirbheart lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 2005/29, *a priori*, ar léiriú Airteagal 10(2)(c) de Threoir 2008/48.

51 Thairis sin, níl aon fhaisnéis san ordú tarchuir lenar féidir an toimhde ar a bhfuil an dara ceist bunaithe a chinneadh agus ní leagtar amach ann na cúiseanna go bhfuil freagra ar an gceist sin riachtanach, sa chás seo, chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach.

52 Sna himthosca sin, tá an dara ceist hipitéiseach agus dá bhrí sin tá sí do-ghlactha.

An tríú ceist

53 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi nach mór na toimhdí a úsáidtear chun APRC a ríomh a lua go sainráite i gcomhaontú creidmheasa, nó an leor gur féidir leis an tomhaltóir féin iad a shainaithint trí scrúdú a dhéanamh ar théarmaí an chomhaontaithe sin.

54 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, faoin bhforáil sin, nach mór a shonrú sa chomhaontú creidmheasa, ar bhealach soiléir agus gonta, APRC agus an méid iomlán is iníoctha ag an tomhaltóir, arna ríomh tráth a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích, nach mór na toimhdí uile a úsáidtear chun an ráta sin a ríomh a lua freisin.

55 Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear le hAirteagal 19(3) de Threoir 2008/48, ar an gcéad dul síos, go ndéanfar ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a ríomh bunaithe ar an toimhde go leanfaidh an comhaontú creidmheasa de bheith bailí ar feadh na tréimhse a comhaontaíodh agus go gcomhlíonfaidh an creidiúnaí agus an tomhaltóir a n-oibleagáidí faoi na téarmaí agus faoi na dátaí a shonraítear sa chomhaontú creidmheasa. Ar an dara dul síos foráiltear le mír 4 den Airteagal sin, i gcás comhaontuithe creidmheasa ina bhfuil clásail lena gceadaítear athruithe sa ráta iasachta agus, i gcás inarb infheidhme, sna muirir atá i ráta céatadánach bliantúil an mhuirir ach nach féidir a chainníochtú tráth an ríomha, déanfar ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a ríomh ar an toimhde go leanfaidh an ráta iasachta agus muirir eile de bheith seasta i ndáil leis an leibhéal tosaigh agus go leanfaidh siad de bheith infheidhme go dtí deireadh an chomhaontaithe creidmheasa. Ar an tríú dul síos, foráiltear le mír 5 den Airteagal sin, más gá, go bhféadfar na toimhdí breise a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a úsáid chun APRC a ríomh. Ar an gceathrú dul síos, leagtar amach i gCuid II (a) go (j) den iarscríbhinn sin na toimhdí breise éagsúla is gá chun APRC a ríomh.

56 Ba cheart a lua freisin go leagtar síos freisin in Airteagal 5(1)(g) agus in Airteagal 6(1)(f) de Threoir 2008/48 mar cheanglas faisnéise réamhchonarthaí an oibleagáid na toimhdí a úsáidtear chun APRC a ríomh trí shampla ionadaíoch a lua.

57 Trí thagairt a dhéanamh, ag an gcéim réamhchonarthach, do na toimhdí éagsúla a úsáidtear chun APRC a ríomh, is féidir an cuspóir dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Threoir 2008/48 a chur chun feidhme, ar cuspóir é a bhaineann leis an bhfaisnéis is gá chun tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile chun é a chur ar a chumas don tomhaltóir cinneadh a bhfuil bonn eolais mhaith faoi a dhéanamh maidir le comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích, i gcás nach mór an chomparáid sin a dhéanamh agus APRC á chur san áireamh de réir thréimhsí éagsúla na dtairiscintí atá ar fáil dó nó di (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Soho Group*, C-686/19, EU:C:2020:582, mír 48).

58 Maidir leis an oibleagáid na toimhdí éagsúla sin a lua sa chomhaontú creidmheasa, i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48, is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 30 den bhreithiúnas seo go bhfuil sé beartaithe leis an oibleagáid sin a áirithiú go mbeidh an tomhaltóir in ann a chearta agus a oibleagáidí a bheith ar an eolas.

59 Dá bhrí sin, ní mór don tarchur sin a chur ar chumas an tomhaltóra a fhíorú ar ríomh an trádálaí APRC i gceart agus, mura ríomh, a chearta a dhearbhú, go háirithe an ceart chun tarraingt siar dá bhforáiltear in Airteagal 14 de Threoir 2008/48, an tréimhse chun an tarraingt siar sin a fheidhmiú a fhadú i gcás sárú ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 10 den Treoir sin, agus ar na cearta eile dá bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta, mar phionós arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 den Treoir sin.

60 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt gur oibleagáid ríthábhachtach í an oibleagáid gnéithe amhail APRC, dá dtagraítear in Airteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48, a áireamh sa chomhaontú creidmheasa, go háirithe (breithiúnas an 9 Samhain 2016, *Home Credit Slovakia*, C-42/15, EU:C:2016:842, mír 70).

61 I gcomhréir leis an gcásdlí sin, ní mór a mheas go bhfuil sé ríthábhachtach don tomhaltóir freisin na toimhdí a úsáidtear chun APRC a ríomh a áireamh i gcomhaontú creidmheasa, go háirithe ar na cúiseanna a leagtar amach i míreanna 58 agus 59 den bhreithiúnas seo.

62 A mhéid a d'fhéadfadh mainneachtain faisnéise den sórt sin a áireamh i gcomhaontú creidmheasa dochar a dhéanamh do chumas tomhaltóra méid a dhliteanais a mheas, ní mór a mheas go bhfuil an pionós a leagtar síos faoin dlí náisiúnta maidir le forghéilleadh ag an gcreidiúnaí ar theidlíocht úis agus muirear comhréireach de réir bhrí Airteagal 23 de Threoir 2008/48 (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Samhain 2016, *Home Credit Slovakia*, C-42/15,, EU:C:2016:842, mír 71).

63 Ós rud é, mar a mheabhraítear i mír 55 den bhreithiúnas seo, go bhféadfadh na toimhdí a úsáidtear chun APRC a ríomh a bheith casta, is gá iad a shonrú ar bhealach soiléir, gonta agus sainráite i gcomhaontú creidmheasa, ós rud é nach leor an fhéidearthacht amháin don tomhaltóir iad a shainaithint trí théarmaí éagsúla an chomhaontaithe sin a léamh.

64 I bhfianaise an méid ar fad roimhe seo, is é an freagra ar an tríú ceist ná nach mór Airteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48 a léiriú sa chaoi nach mór na toimhdí a úsáidtear chun APRC a ríomh a shonrú go sainráite sa chomhaontú creidmheasa agus nach leor ina leith sin go bhféadfaidh an tomhaltóir féin iad a shainaithint trí scrúdú a dhéanamh ar théarmaí an chomhaontaithe sin.

Costais

65 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le hAirteagal 10(2)(c) de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle arna leasú le Treoir 2011/90/AE ón gCoimisiún an 14 Samhain 2011,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

nach gá do chomhaontú creidmheasa fad an chomhaontaithe sin a shonrú go sainráite, ar choinníoll go gcuireann téarmaí an chomhaontaithe sin ar chumas an tomhaltóra an fad sin a chinneadh gan deacracht agus go cinnte.

2. Maidir le hAirteagal 10(2)(g) Threoir 2008/48 arna leasú le Treoir 2011/90,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

nach mór na toimhdí a úsáidtear chun ráta céatadánach bliantúil an mhuirir (APRC) a ríomh a shonrú go sainráite sa chomhaontú creidmheasa agus nach leor ina leith sin go bhféadfaidh an tomhaltóir féin iad a shainaithint trí scrúdú a dhéanamh ar théarmaí an chomhaontaithe sin.

[Sínithe]